GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 386/08)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

"Romagna"

PDO-IT-A0507-AM06

Dáta teachtaireachta: 5.7.2022

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Cineálacha nua fíona**

Cuireadh na cineálacha nua a leanas leis:

"Romagna" Bianco, lena n-áirítear Frizzante; "Romagna" Rosato, lena n-áirítear Frizzante; "Romagna" Rosso; "Romagna" Bianco ag a bhfuil folimistéir Brisighella, Castrocaro, Longiano, Modigliana, Oriolo; "Romagna" Centesimino, ag a bhfuil folimistéar Oriolo, lena n-áirítear Riserva, Passito agus Spumante Rosé; "Romagna" Famoso ag a bhfuil folimistéar Mercato Saraceno, lena n-áirítear Spumante; "Romagna" Sangiovese ag a bhfuil folimistéir Imola, Coriano, San Clemente agus Verucchio, lena n-áirítear Riserva.

Cúiseanna:

Cuireadh na cineálacha sin leis chun luach na bpríomhchineálacha a fhástar go forleathan in Romagna a fheabhsú, lena dtáirgtear féidearthacht iontach i dtéarmaí cáilíochta agus éagsúlachta toisc gur aithníodh iad mar chineálacha traidisiúnta sa limistéar ag fíonsaothraithe agus comhfhíonlanna i gcaitheamh na mblianta. Roghnaíodh an liosta iomlán cineálacha chun fíniúnacha áirithe a chur san áireamh, idir fhíniúnacha a fhástar go coitianta sa limistéar agus fhíniúnacha eile a bhfuil méadú ag teacht orthu cé nach bhfuil siad chomh forleathan mar gur léiríodh go bhfuil siad an-oiriúnach chun na fíonta sin a dhéanamh.

Cuirtear le táirgeadh na bhfíonta ag a bhfuil STFC "Romagna" dá bhrí sin nuair a chuirtear isteach cineálacha nua laistigh de na catagóirí fíona atá ann sa tsonraíocht táirge cheana féin. Leis sin, beifear in ann raon táirge níos leithne a thairiscint a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar éileamh an mhargaidh ar bhealach níos fearr.

Baineann an leasú seo le hAirteagail 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8 agus 9 agus Iarscríbhinní 2, 3, 5, 7, 9, 11, 13, 14, 15 agus 16 a ghabhann leis an tsonraíocht, agus le Roinn 4 "Tuairisc ar na Fíonta" den doiciméad aonair.

2. **Liosta de na cineálacha le haghaidh na gcineálacha nua**

Tuairisc:

Na cineálacha fíniúna is féidir a mheascadh chun na cineálacha nua a tháirgeadh: - Rinneadh Bianco, Bianco Frizzante, Rosato agus Rosato Frizzante a shainmhíniú mar a leanas:

ní mór do 70 % ar a laghad de na fíonchaora a bheith de chineálacha Trebbiano (le haghaidh Bianco agus Bianco Frizzante) nó Sangiovese (le haghaidh Rosato agus Rosato Frizzante), agus iad measctha le cineálacha eile (30 %) a fhásann go maith i réigiún Emilia Romagna. Tá srianta ar an méid uasta de chineálacha áirithe is féidir a úsáid: 10 % Manzoni Bianco agus 5 % Famoso.

— Fíonta dearga, mar a leanas:

70 % ar a laghad de chineál Sangiovese, a fhéadfar a mheascadh (30 %) le gach cineál neamharamatach atá oiriúnach lena shaothrú i réigiún Emilia Romagna.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

— Fíonta geala ag a bhfuil na folimistéir a leanas:

maidir le Brisighella: Méid íosta 60 % de Trebbiano; fíonchaora ó chineálacha fíniúna Albana agus Chardonnay, agus na cineálacha sin ina n-aonar nó measctha, féadfaidh siad cur le suas le huasmhéid de 40 % de tháirgeadh an fhíona sin.

maidir le Castrocaro: Méid íosta 60 % de Albana; féadfaidh fíonchaora de chineál Trebbiano cur le suas le huasmhéid de 40 %, agus iad ina n-aonar nó measctha le cineálacha fíonchaoire gile eile atá oiriúnach lena saothrú i réigiún Emilia Romagna, suas le huasmhéid de 5 %;

maidir le Longiano: Méid íosta 60 % de Trebbiano; fíonchaora ó chineálacha fíniúna Albana agus Chardonnay, agus na cineálacha sin ina n-aonar nó measctha, féadfaidh siad cur le suas le huasmhéid de 40 % de tháirgeadh an fhíona sin.

maidir le Modigliana: Méid íosta 60 % de Trebbiano; fíonchaora de chineálacha fíniúna Chardonnay agus Sauvignon Bianco, agus na cineálacha sin ina n-aonar nó measctha, féadfaidh siad cur le suas le huasmhéid de 40 % de tháirgeadh an fhíona sin.

maidir le Oriolo: Méid íosta 70 % de Trebbiano; féadfaidh fíonchaora de chineál Albana cur le suas le huasmhéid de 30 %, agus iad ina n-aonar nó measctha le cineálacha fíonchaoire gile eile atá oiriúnach lena saothrú i réigiún Emilia Romagna, suas le huasmhéid de 5 %;

— Centesimino Oriolo, Centesimino Oriolo Riserva, Centesimino Oriolo Passito, Centesimino Oriolo Spumante Rosé, mar a leanas:

95 % ar a laghad de chineál Centesimino, a fhéadfar a mheascadh (5 %) le haon chineál fíonchaoire duibhe atá oiriúnach lena shaothrú i réigiún Emilia Romagna.

— Famoso Mercato Saraceno agus Famoso Mercato Saraceno Spumante, mar a leanas:

100 % de chineál Famoso.

— Sangiovese agus Sangiovese Riserva ag a bhfuil folimistéir Imola, Coriano, San Clemente agus Verucchio, mar a leanas:

95 % ar a laghad de chineál Sangiovese, a fhéadfar a mheascadh (5 %) le haon chineál fíonchaoire duibhe atá oiriúnach lena shaothrú i réigiún Emilia Romagna.

Cúiseanna:

Léiríodh sna turgnaimh a rinne cumann le haghaidh chosaint an tsonrúcháin go mbíonn táirgí de dhea-cháilíocht mar thoradh ar an liosta de na cineálacha a fhad agus a chaomhnaítear saintréithe atá sainiúil don limistéar freisin.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 agus Iarscríbhinní 2, 3, 5, 7, 9, 11, 13, 14, 15 agus 16 a ghabhann leis an tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

3. **Limistéar táirgthe fíonchaor le haghaidh na gcineálacha nua**

Tuairisc:

Tá an limistéar táirgthe le haghaidh chineálacha nua Bianco, Bianco Frizzante, Rosato, Rosato Frizzante agus Rosso sa limistéar céanna ina bhfuil an limistéar táirgthe faoi láthair le haghaidh chineálacha "Romagna" Trebbiano, "Romagna" Bianco Spumante agus "Romagna" Rosato Spumante, chomh maith leis na méideanna a cuireadh isteach agus na leasuithe dá dtugtar tuairisc go cuí in Airteagal 3(5) den tsonraíocht táirge.

Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar na limistéir táirgthe le haghaidh chineálacha Sangiovese agus Sangiovese Riserva ag a bhfuil folimistéir Imola, Coriano, San Clemente agus Verucchio in Airteagal 3 agus in Iarscríbhinní 13, 14, 15 agus 16 a ghabhann leis an tsonraíocht táirge faoi seach.

Cúiseanna:

Leasaíodh an limistéar saothraithe fíonchaor chun cineálacha Bianco, Bianco Frizzante, Rosato, Rosato Frizzante agus Rosso a tháirgeadh chun an limistéar céanna a bhaineann le "Romagna" Trebbiano, "Romagna" Bianco Spumante agus "Romagna" Rosato Spumante a chumhdach, agus cuireadh roinnt bardas leis. I bhfianaise an athraithe aeráide atá ag tarlú ar bhonn leanúnach, is féidir díriú anois ar fhíonghoirt ag a bhfuil dlús plandála níos ísle i limistéir ag airde is mó, áit a mbíodh sé deacair ar chineálacha áirithe aibíocht a bhaint amach. Ciallaíonn sé sin gur féidir fíonchaora ar ardcháilíocht a tháirgeadh fiú i mbardais ag airde áirithe, amhail na bardais a cuireadh leis an limistéar táirgthe le haghaidh na gcineálacha nua.

I bhfianaise shuim na ngabháltas beag agus meánmhéide i dtáirgeadh fíona atá dírithe níos mó ar cháilíocht agus atá nasctha ar bhealach níos dlúithe, i gcás inar féidir, le saintréithe sonracha an limistéir táirgthe, tugadh ceithre fholimistéar nua isteach: Imola, Coriano, San Clemente agus Verucchio.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 3 agus Iarscríbhinní 13, 14, 15 agus 16 a ghabhann leis an tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

4. **Dlús fíniúnacha in aghaidh an heicteáir**

Tuairisc:

Scriosadh an líon fíniúnacha in aghaidh an heicteáir ó gach cineál de chuid STFC "Romagna", cé is moite de na cineálacha ar a bhfuil tásc a bhaineann le folimistéar.

Sonraítear an dlús fíniúnacha in aghaidh an heicteáir le haghaidh chineálacha Bianco agus Famoso mar íosmhéid de 1 500 fíniúin in aghaidh an heicteáir.

Maidir le cineál Sangiovese (lena n-áirítear Riserva), sonraíodh an dlús fíniúnacha in aghaidh an heicteáir ag 3 000 ar a laghad le haghaidh fholimistéir Bertinoro, Castrocaro, Oriolo, Coriano, San Clemente agus Verucchio, ag 3 300 ar a laghad le haghaidh Mercato Saraceno agus ag 4 000 ar a laghad le haghaidh Imola.

Maidir le cineál Centesimino ag a bhfuil folimistéar Oriolo, lena n-áirítear Riserva, Passito agus Spumante Rosé, sonraíodh an dlús fíniúnacha in aghaidh an heicteáir ag 2 700 ar a laghad.

Cúiseanna:

An cleachtas seanbhunaithe a bhaineann le hanailísiú a dhéanamh ar an dáileacht talún agus na cineálacha fíonchaoire atá oiriúnach don limistéar a roghnú, chomh maith leis an gcostas ard a bhaineann le cur, fágann siad go ndéanann gach gabháltas an limistéar faoi fhíniúnacha a eagrú nó a athstruchtúrú chun an táirgeacht barr lena mbaineann an cháilíocht is fearr a bhaint amach, d'fhonn cóimheas inbhuanaithe idir cáilíocht agus cainníocht a bhaint amach. Eagrófar planduithe nua i gcónaí trí na dlúsanna a mheastar a bheith ar na dlúsanna is oiriúnaí a chur i bhfeidhm dá bhrí sin, bunaithe ar thaithí agus ar shaineolas eolaíochta agus teicneolaíochta, i gcomhréir leis an gcaoi a bhforbraíonn an aeráid. Is í an eisceacht atá ann fíon ar a bhfuil tásc a bhaineann le folimistéar, tá feidhm ag na rialacha a leagtar amach sa tsonraíocht táirge sa chás sin.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 agus Iarscríbhinní 2, 3, 5, 7, 9, 11, 13, 14, 15 agus 16 a ghabhann leis an tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

5. **Táirgeacht fíonchaoire in aghaidh an heicteáir agus neart alcóil nádúrtha íosta**

Tuairisc:

Maidir le cineálacha nua Bianco, Bianco Frizzante, Rosato agus Rosato Frizzante, socraíodh an táirgeacht uasta ag 18 dtona in aghaidh an heicteáir. Tá neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonchaor socraithe ag 11 % de réir toirte (le haghaidh Bianco agus Rosato) agus ag 10 % de réir toirte (le haghaidh Bianco Frizzante agus Rosato Frizzante).

Maidir le Rosso, tá an táirgeacht uasta suite ag 14 thona in aghaidh an heicteáir agus is é 11 % de réir toirte neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonchaor.

Maidir le Bianco agus Famoso ag a bhfuil folimistéir, tá an táirgeacht uasta suite ag 12 thona in aghaidh an heicteáir agus is é 11,5 % de réir toirte neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonchaor (le haghaidh Bianco Castrocaro agus Bianco Oriolo), 11 % de réir toirte (le haghaidh Bianco Brisighella, Bianco Longiano, Bianco Modigliana agus Famoso Mercato Saraceno) agus 10,5 % de réir toirte (le haghaidh Famoso Mercato Saraceno Spumante).

Maidir le Centesimino ag a bhfuil folimistéar Oriolo (lena n-áirítear Riserva agus Passito), tá an táirgeacht uasta suite ag 11 thona in aghaidh an heicteáir agus is é 11 % de réir toirte neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonchaor. Maidir le Spumante Rosé, tá an táirgeacht uasta suite ag 14 thona in aghaidh an heicteáir agus is é 10,5 % de réir toirte neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonchaor.

Maidir le Sangiovese ag a bhfuil folimistéir Imola, Coriano, San Clemente agus Verucchio, tá an táirgeacht uasta suite ag 9 tona in aghaidh an heicteáir agus is é 12,5 % de réir toirte neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonchaor (13 % de réir toirte le haghaidh an leagan Riserva de).

Maidir le Sangiovese Riserva ag a bhfuil folimistéir, méadaíodh an táirgeacht uasta go 9 dtona in aghaidh an heicteáir.

Cúiseanna:

Tá an táirgeacht agus an neart alcóil nádúrtha mar a shonraítear thuas idéal le haghaidh an chuspóra fíoneolaíochta atá i gceist anseo, mar a cruthaíodh sna tástálacha ceimiceacha, fisiciúla agus orgánaileipteacha a rinne na fíonghoirt atá suite sa chríoch.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 agus Iarscríbhinní 2, 3, 5, 7, 9, 11, 13, 14, 15 agus 16 den tsonraíocht táirge agus le Roinn 5.2 "Táirgeachtaí uasta" den doiciméad aonair.

6. **Táirgeacht fíonchaor san fhíon**

Tuairisc:

Maidir le cineálacha fíona nua Bianco, Bianco Frizzante, Rosato agus Rosato Frizzante, socraíodh an táirgeacht uasta ag 70 %, atá coibhéiseach le 12 600 lítear in aghaidh an heicteáir.

Maidir le Rosso, socraíodh an táirgeacht uasta ag 65 %, atá coibhéiseach le 9 100 lítear in aghaidh an heicteáir.

Maidir le Bianco agus Famoso ag a bhfuil folimistéir, socraíodh an táirgeacht uasta ag 70 %, atá coibhéiseach le 8 400 lítear in aghaidh an heicteáir.

Maidir le Centesimino ag a bhfuil folimistéar Oriolo, tá táirgeacht uasta fíonchaor suite ag 70 % (le haghaidh Centesimino Oriolo agus Centesimino Oriolo Riserva), ag 65 % (le haghaidh Centesimino Oriolo Spumante Rosé) agus ag 50 % (le haghaidh Centesimino Oriolo Passito), atá coibhéiseach le 7 700 lítear in aghaidh an heicteáir le haghaidh Centesimino Oriolo agus Centesimino Oriolo Riserva, le 5 500 le haghaidh Centesimino Oriolo Passito agus le 9 100 le haghaidh Centesimino Oriolo Spumante Rosé.

Maidir le Sangiovese ag a bhfuil na folimistéir Imola, Coriano, San Clemente agus Verruchio (lena n-áirítear Riserva), tá táirgeacht uasta na bhfíonchaor socraithe ag 65 %, atá coibhéiseach le 5 850 lítear in aghaidh an heicteáir.

Maidir le Sangiovese Riserva ag a bhfuil folimistéir, méadaíodh an táirgeacht uasta fíonchaor san fhíon go 5 850 tona in aghaidh an heicteáir.

Cúis: Is de thoradh próiseáil fíonchaor go fíon í an táirgeacht sin, arna shloinneadh i lítir, bunaithe ar thonnaí fíonchaor táirgthe in aghaidh an heicteáir a cheadaítear faoin tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus Iarscríbhinní 2, 3, 5, 7, 9, 11, 13, 14, 15 agus 16 a ghabhann léi ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

7. **Coigeartuithe foirmiúla ar na rialacha maidir le fíonóireacht le haghaidh chineálacha Bianco Frizzante agus Rosato Frizzante**

Tuairisc:

I gcás na gcineálacha nua freisin, féadfar oibríochtaí próiseála agus buidéalaithe a dhéanamh ar fud réigiún Emilia Romagna, réigiún Marche, réigiún na Lombairde, réigiún Phíodmant agus réigiún Veneto.

Cúiseanna:

Is coigeartú é sin ar fhoirm na bhforálacha a leagadh síos sa tsonraíocht cheana féin.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus le Roinn 9.2 "Coinníollacha breise" den doiciméad aonair.

8. **Saintréithe a bhaineann leis na cineálacha nua a chaitheamh**

Tuairisc:

Cuireadh na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha a leanas isteach le haghaidh na cineálacha nua.

"Romagna" Bianco, "Romagna" Bianco Frizzante, "Romagna" Rosato, "Romagna" Rosato Frizzante, "Romagna" Rosso;

"Romagna" Bianco Brisighella, "Romagna" Bianco Castrocaro, "Romagna" Bianco Longiano, "Romagna" Bianco Modigliana, "Romagna" Bianco Oriolo, "Romagna" Centesimino Oriolo, "Romagna" Centesimino Oriolo Riserva, "Romagna" Centesimino Oriolo Passito, "Romagna" Centesimino Oriolo Spumante Rosé, "Romagna" Famoso Mercato Saraceno, "Romagna" Famoso Mercato Saraceno Spumante, "Romagna" Sangiovese Imola, "Romagna" Sangiovese Imola Riserva, "Romagna" Sangiovese Coriano, "Romagna" Sangiovese Coriano Riserva, "Romagna" Sangiovese San Clemente, "Romagna" Sangiovese San Clemente Riserva,"Romagna" Sangiovese Verucchio , "Romagna" Sangiovese Verucchio Riserva.

Cúiseanna:

Tá na saintréithe ceimiceacha, fisiceacha agus orgánaileipteacha a shonraítear de thoradh roinnt tástálacha a rinneadh agus tá siad laistigh de pharaiméadair reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 6 agus Iarscríbhinní 2, 3, 5, 7, 9, 11, 13, 14, 15 agus 16 den tsonraíocht táirge agus le Roinn 4 "Tuairisc ar na Fíonta" den doiciméad aonair.

9. **Sonrú ar bhliain an fhíona**

Tuairisc:

Síneadh an fhéidearthacht bliain an fhíona inar tairgeadh na fíonchaora a eisiamh chuig na cineálacha nua "Romagna" Bianco Frizzante agus "Romagna" Rosato Frizzante freisin.

Cúiseanna:

D'fhonn na cineálacha nua (Bianco Frizzante agus Rosato Frizzante) a ailíniú leis na cineálacha atá ann faoi láthair (Trebbiano Spumante) (Trebbiano Frizzante) (Bianco Spumante) (Rosato Spumante), sonraíodh gur féidir bliain an fhíona inar táirgeadh na fíonchaora a eisiamh ón lipéad, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais, rud lena gcruthaítear féidearthacht le haghaidh fíonta súilíneacha (*spumante*) nach bhfuil lipéadaithe mar "*Millesimato*" (bliain an fhíona) agus le haghaidh fíonta leathshúilíneacha (*frizzante*) freisin.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

10. **Lipéadú**

Tuairisc:

I gcás chineál "Romagna" Bianco Frizzante, is féidir sonraíocht faoin dath "Bianco" (geal) a chur san áireamh ar an lipéad.

Cúiseanna: Is de rogha an táirgeora atá sé an dath atá ar an bhfíon i gceist a shonrú.

Tuairisc:

I gcás chineál "Romagna" Rosato Frizzante, tá sé éigeantach sonraíocht ar an dath "Rosato", "Rosé" nó "Rosa" a chur san áireamh ar an lipéad.

Cúiseanna: Meastar é a bheith fóirsteanach an dath a shonrú d'fhonn sainiúlacht an táirge a shainaithint.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

11. **Rialacha sonracha maidir le pacáistíocht**

Tuairisc:

Ní cheadaítear ach coimeádáin ag a bhfuil toilleadh idir 2 agus 6 lítear atá déanta de roghanna malartacha de ghrád bia a úsáid le haghaidh chineálacha fíona "Romagna" Bianco, "Romagna" Rosato, "Romagna" Rosso, "Romagna" Trebbiano, "Romagna" Pagadebit agus "Romagna" Sangiovese nach gcáilítear le tásc "*vigna*".

Anuas ar thásc "*vigna*" a bheith ar na cineálacha thuasluaite, toirmisctear an socrú buidéalaithe sin anois freisin le haghaidh cineálacha súilíneacha agus leathshúilíneacha, le haghaidh cineálacha fíona ar a bhfuil na téarmaí traidisiúnta *Riserva*, *Superiore* nó *Passito*, nó le haghaidh aon chineál fíona ar a bhfuil ainm an fholimistéir.

Ní cheadaítear coimeádáin atá déanta de chruach dhosmálta agus d'ábhair oiriúnacha eile ag a bhfuil toilleadh idir 6 agus 60 lítear a úsáid ach le haghaidh fhíonta STFC "Romagna" de chineálacha Bianco (lena n-áirítear Frizzante), Rosato (lena n-áirítear Frizzante), Rosso, Trebbiano (lena n-áirítear Frizzante) agus Sangiovese.

Cúiseanna:

Is athrú é sin ar an bhfoclaíocht chun toilleadh na gcoimeádán a chur in iúl.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

12. **STFC "Romagna" – folimistéir leasaithe**

Tuairisc:

Leasaíodh "Castrocaro agus Terra del Sole" go "Castrocaro"

Leasaíodh "San Vicinio" go "Mercato Saraceno"

Cuireadh na folimistéir seo a leanas leis: Imola, Coriano, San Clemente agus Verucchio.

Féadfar na folimistéir Brisighella, Castrocaro, Longiano agus Modigliana a úsáid freisin le haghaidh chineál Bianco.

Féadfar an folimistéar Oriolo a úsáid freisin le haghaidh chineálacha Bianco agus Centesimino (lena n-áirítear Riserva, Passito agus Spumante Rosé).

Féadfar an folimistéar Mercato Saraceno a úsáid freisin le haghaidh chineál Famoso (lena n-áirítear Spumante).

Féadfar folimistéir Imola, Coriano, San Clemente agus Verucchio a úsáid le haghaidh chineálacha Sangiovese agus Sangiovese Riserva.

Cúiseanna:

Deimhnítear i bhfianaise ársa ó na blianta 1 500 go dtí 1 900 A.D. go raibh na cineálacha fíonchaoire gile mór le rá i limistéir Modigliana, Castrocaro, Longiano, Brisighella agus Oriolo an tráth sin.

Tá Famoso, cineál a fásadh i réigiún Romagna ón aois ársa, le fáil go forleathan in Mercato Saraceno.

Bhí an ghluaiseacht chun Centesimino a bhunú mar chineál lena mbaineann luach in Oriolo agus a léirítear *terroir* sonrach an limistéir san fhíon a dhéantar uaidh, an-éifeachtach go deo. Is léir ón méid sin ón bhfíoras go bhfuil cáil ag teacht go tapa ar an gcineál fíonchaoire agus ar an bhfíon a dhéantar as. Fásadh an cineál fíniúna sin sa limistéar seo ón tréimhse i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda ar a laghad.

Ba ghné shainiúil den talamh thart ar Imola é Sangiovese go déanach san 18ú haois.

Rinneadh diansaothrú ar Sangiovese sa limistéar thart ar Rimini go dtí 1860, ach éiríodh as a shaothrú mar gheall ar a chion íseal alcóil. Cuireadh tús leis an gcineál sin a shaothrú arís sa lá atá inniu ann.

Measadh é a bheith fóirsteanach dá bhrí sin na cineálacha fíona sin ar a bhfuil an folimistéar a chur chun cinn.

Baineann an leasú seo le hAirteagail 2, 3, 5, 7, 9, 11, 13, 14, 15 agus 16 den tsonraíocht táirge agus le Roinn 4 "Tuairisc ar na Fíonta" den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Romagna

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. Fíon súilíneach

8. Fíon leathshúilíneach

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. *"Romagna" Albana Spumante*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Déantar fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Albana Spumante as úrfhíon fíonchaor atá rísínithe i bpáirt ag úsáid an mhodha laistigh den bhuidéal nó an mhodha uathchláibh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais. Bíonn dath buí órga air, cúr fíneálta agus giosáil a mhaireann tréimhse fhada, dea-bholadh sainiúil torthaíoch is gnách don chineál fíonchaoire, dea-struchtúr agus úire dheas, chomh maith le blas pléisiúrtha, mín, milis nach mbíonn rómhilis riamh.

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 16,0 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	6 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *"Romagna" Cagnina*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Bíonn fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Cagnina, a fhaightear as fíonchaora Terrano a bhuaintear go ginearálta i dtreo dheireadh mhí Mheán Fómhair, réidh lena scaoileadh lena chaitheamh tar éis na chéad 10 lá de mhí Dheireadh Fómhair. Bíonn dath corcra-dearg air chomh maith le dea-bholadh dian le hiarracht de bhlas silíní marasca agus súnna craobh, agus blas milis, beagán tainneach agus imeall a bhíonn deas aigéadach.

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	8,5.
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *"Romagna" Pagadebit (lena n-áirítear Amabile agus Frizzante)*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Pagadebit, a fhaightear ó fhíonchaora Bombino Bianco, bíonn dath buí ar dhath na tuí air agus é de dhéine éagsúil ag brath ar aois agus ar an bpróiseas fíonóireachta, chomh maith le dea-bholadh úr agus cumhra le hiarracht de bhlas de sceach gheal is gnách don chineál fíonchaoire, agus blas deas agus séimh, blas a d'fhéadfadh a bheith idir tirim agus leathmhilis, lena n-áirítear an cineál leathshuilíneach.

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

4. *"Romagna" Pagadebit Bertinoro*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Pagadebit Bertinoro, a fhaightear ó fhíonchaora Bombino Bianco ó limistéar Bertinoro, bíonn dath buí ar dhath na tuí air agus é de dhéine éagsúil ag brath ar aois agus ar an bpróiseas fíonóireachta, chomh maith le dea-bholadh úr agus cumhra le hiarracht de bhlas de sceach gheal atá tipiciúil den chineál fíonchaoire, agus blas deas agus séimh, blas a d'fhéadfadh a bheith idir tirim agus leathmhilis, lena n-áirítear an cineál leathshuilíneach.

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 12 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	5 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. *"Romagna" Sangiovese*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Sangiovese , a fhaightear ó fhíonchaora den chineál fíonchaoire ar a bhfuil ann t-ainm céanna, bíonn dath dearg an rúibín air agus loinnir chorcra, chomh maith le dea-bholadh leathan agus fíonmhar atá beagán luibheach agus an fíon óg agus iarracht de bhlas séimh sailchuaiche, agus blas galánta, láidir a bhíonn go deas tainneach agus é óg agus iarbhlas a bhíonn chomh deas céanna, é beagán searbh.

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 12,0 % de réir toirte

Iarmhair siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 20,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

6. *"Romagna" Sangiovese Novello*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Sangiovese Novello, a fhaightear ó fhíonchaora de chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna, a dhéantar trí mhaothú carbónach, bíonn dath dearg an rúibín air, chomh maith le dea-bholadh fíonmhar is gnách d'fhíonta a tháirgtear tríd an modh sin, agus bíonn blas tirim nó beagán milis air mar gheall ar roinnt siúcra iarmharaigh, mar a cheadaítear de réir na rialacha lena rialaítear a tháirgeadh.

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,5 % de réir toirte

Iarmhair siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

7. *"Romagna" Sangiovese Superiore*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Sangiovese Superiore, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál den ainm céanna, bíonn dath dearg an rúibín a d'fhéadfadh a bheith mar dhath an ghairnéid air, agus loinnir chorcra uaireanta, chomh maith le dea-bholadh fíonmhar le hiarracht de bhlas séimh sailchuaiche, agus blas maothlach, tathagach ach bog agus galánta, agus é go deas tainneach agus é óg agus iarbhlas láidir a bhíonn beagán searbh.

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 12,5 % de réir toirte

Iarmhair siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

8. *"Romagna" Sangiovese Riserva, lena n-áirítear cineál Superiore Riserva*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Sangiovese Riserva, a fhaightear ó fhíonchaora den cineál den ainm céanna, bíonn dath dearg an rúibín a d'fhéadfadh a bheith mar dhath an ghairnéid air agus an dath sin ag tréigean go corcra agus go horáiste le haois, cumhracht dheas de fanaile agus éitear agus an chumhracht sin tipiciúil don aosú agus blas tirim, maothlach, comhchuí agus láidir, chomh maith le hiarracht de bhlas adhmaid uaireanta a thagann ó na bairillí inar aosaíodh an fíon.

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 13,0 % de réir toirte

Iarmhair siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

9. *"Romagna" Sangiovese Passito*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Sangiovese Passito, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál den ainm céanna, bíonn dath dearg an rúibín air, agus loinnir chorcra uaireanta, chomh maith le dea-bholadh séimh le hiarracht de bhlas sailchuaiche b'fhéidir, agus blas deas tainneach agus iarbhlas sainiúil a bhíonn beagán searbh; d'fhéadfadh iarracht de bhlas inbhraite adhmaid a bheith ar an bhfíon ó na bairillí inar aosaíodh an fíon.

Ísosneart alcóil iomlán de réir toirte: 12 % de réir toirte

Iarmhair siúcra dhí-ocsaídithe: idir 6,0 agus 20,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26 g/l

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Ísmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Ísmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

10. *"Romagna" Sangiovese ag a bhfuil folimistéir*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Sangiovese a dtagann folimistéar ina dhiaidh, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna ó limistéir atá sainithe go soiléir, bíonn dath dearg an rúibín air agus loinnir chorcra, chomh maith le dea-bholadh leathan agus fíonmhar a bhíonn beagán luibheach agus an fíon óg, agus iarracht de bhlas séimh sailchuaiche, blas is gnách don limistéar táirgthe agus é go deas tainneach agus é óg agus iarbhlas a bhíonn chomh deas céanna, é beagán searbh.

Ísosneart alcóil iomlán de réir toirte: 12,5 % de réir toirte

Iarmhair siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 4,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Ísmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Ísmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

11. *"Romagna" Sangiovese Riserva ag a bhfuil folimistéir*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Sangiovese Riserva a dtagann folimistéar ina dhiaidh, a fhaightear ó fhíonchaora den cineál den ainm céanna ó limistéir atá sainithe go soiléir, bíonn dath dearg an rúibín a d'fhéadfadh a bheith mar dhath an ghairnéid air agus an dath sin ag tréigean go corcra agus go horáiste le haois, agus blas tirim, maothlach, comhchuí agus láidir is gnách don limistéar táirgthe, chomh maith le hiarracht de bhlas adhmaid uaireanta a thagann ó na bairillí inar aosaíodh an fíon.

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 13,0 % de réir toirte

Iarmhair siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 4,0 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

12. *"Romagna" Trebbiano*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Romagna" Trebbiano, a fhaightear ó fhíonchaora den chineál ar a bhfuil an t-ainm céanna, bíonn dath buí ar dhath na tuí air de dhéine éagsúil, chomh maith le dea-bholadh fíonmhar, éadrom agus séimh, agus blas fíneálta, blasta agus comhchuí.

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,5 %

Iarmhair siúcra dhí-ocsaídithe: nach mó ná 10 g/l

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14,0 g/l

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
